# Cois Fharraige go

COP28
UAE

**Comhthéacs:** Den chéad uair, beidh grúpa taighdeoirí ó Ollscoil na Gaillimhe ag freastal ar COP – an mhór-chomhdháil dhomhanda a phléann an t-athrú aeráide agus a shocraíonn spriocanna agus gníomhaíochtaí ar bhonn idirnáisiúnta. Beidh COP28 ar siúl in Dubai i mí na Nollag 2023 agus beidh súile an domhain ar an gcruinniú ríthábhachtach seo. Beidh taighdeoirí, gníomhaithe agus lucht agóide ag iarraidh brú a chur ar na rialtais a bheith uaillmhianach faoina spriocanna carbóin.

Sa chomhthéacs seo, táimid ag obair i gcomhpháirt le meánscoileanna Chois Fharraige chun teachtaireacht láidir a sheoladh ó dhéagóirí an cheantair uathúil seo a léiríonn an spéis, imní agus/nó fearg atá orainn faoin ngéarchéim aeráide. Is minic a smaoinítear ar an athrú aeráide i gcomhthéacs an teasa, an triomaigh nó tinte. Ach sa suíomh speisialta s'againne ar imeall na hEorpa, níl sé le brath mar sin. Anseo, cuireann téamh na farraige imní orainn chomh maith le hathruithe san aimsir agus sna séasúir, scrios na bithéagsúlachta agus scaipeadh speicis ionracha. Is léargas áitiúil é seo ar cheist mhór dhomhanda.

**Cé a bheidh páirteach ann?** Coistí Glasa na scoileanna – 20 déagóir ó Chois Fharraige. Is iad an t-aos óg is mó a bheas thíos leis murar féidir linn dul i ngleic leis an ngéarchéim seo, agus caithfear éisteacht lena nglór.

**Teanga?** Is togra Gaeltachta é seo agus cumfar an teachtaireacht i nGaeilge. Tá 'léamh eile' ag muintir na Gaeltachta ar an gceist seo toisc an nasc láidir idir teanga, talamh agus pobal atá fós beo anseo sna logainmneacha agus sa bhéaloideas, mar shampla.

**Cur chuige:** Sraith 3 cheardlann i mí Dheireadh Fómhair 2023 – a mhairfidh uair a chloig an ceann le linn uaireanta scoile. Roinnfidh aoichainteoirí a gcuid eolais agus paisin don bhithéagsúlacht leis na déagóirí sna ceardlanna seo agus spreagfar comhrá leo.

**Ceardlann 1: An bhithéagsúlacht timpeall orainn**

**Ceardlann 2: Na hathruithe tubaisteacha ar an timpeallacht**

**Ceardlann 3: Cén chaoi a mhothaimid faoi sin?** Áisitheoir – Ananda Geluk

# Cois Fharraige go

Beidh obair bhaile le déanamh ag na déagóirí i ndiaidh gach ceardlainne – tabharfar bileoga oibre dóibh le líonadh isteach.

- **Bileog oibre 1:** Déan cur síos ar dhá rud sa timpeallacht atá tábhachtach duitse (i.e. planda, éan, ainmhí, áit, feithid). Cén fáth go bhfuil siad speisialta?
- **Bileog oibre 2:** Cén chaoi go bhfeiceann tú rudaí ag athrú timpeall ort? An bhfuil roinnt rudaí ann ag éirí gann nó ag imeacht ón timpeallacht? An bhfuil roinnt rudaí eile níos flúirsí nó coitianta? (Mar shampla: plandaí, éin, ainmhithe ar thalamh nó san fharraige, athruithe san aimsir).
- **Bileog oibre 3:** Nuair a smaoiníonn tú ar an athrú aeráide agus an tionchar atá aige i do cheantar féin, cén mothúchán is mó a bhraitheann tú – an brón, an t-éadóchas, an imní nó an fhearg? Déan cur síos ar an gcaoi ina mhothaíonn tú faoi na rudaí seo?

**Toradh?** Bainfear úsáid as fhocail na ndéagóirí chun litir oscailte a scríobh chuig an domhan mór. Bronnfar an litir seo ar an ngrúpa taighdeoirí a bheidh ag freastal ar COP28. Má tá a dhóthain ama againn, déanfar físeán leis na déagóirí freisin le scaipeadh ar na meáin shóisialta.